| | | |
|---|---|---|
| **1.** | Cad a rinne tú inniu? | What did you do today? |
| | | |
| | D'ith mé an bricfeasta. | I ate breakfast. |
| | D'ól mé cupán caife. | I drank a cup of coffee. |
| | Chuaigh mé ag obair. | I went to work. |
| | | |
| | ar an deireadh seachtaine | on the weekend |
| | | |
| **2.** | Ar ith tú bagún ar maidin? | Did you eat bacon in the morning? |
| | D'ith. / Níor ith. | Yes. / No. |
| | | |
| | An raibh tú ag obair inné? | Were you working yesterday? |
| | Bhí. / Ní raibh. | Yes. / No. |
| | | |
| **3.** | Cad a d'ith tú don bhricfeasta? | What did you eat for breakfast? |
| | D'ith mé arán le subh. | I ate bread with jam. |
| | Níor ith mé rud ar bith. | I didn't eat anything. |
| | | |
| **4.** | Cár ith tú an lón inniu? | Where did you eat lunch today? |
| | D'ith mé sa bhaile é. | I ate it at home. |
| | Níor ith mé an lón inniu. | I didn't eat lunch today. |
| | | |
| | Cá ndeachaigh tú inné? | Where did you go yesterday? |
| | Chuaigh mé go dtí an trá. | I went to the beach. |
| | Ní dheachaigh mé áit ar bith. | I didn't go anywhere. |

| | **Comhrá 1** | **Conversation 1** |
|---|---|---|
| S: | Dia duit, a Nuala! | Hello Nuala! |
| N: | Dia is Muire duit, a Shéamais! | Hello James! |
| S: | Conas atá tú inniu? | How are you today? |
| N: | Tá tuirse orm. | I'm tired. |
| S: | Cad a rinne tú inniu? | What were you doing today? |
| N: | D'éirigh mé go luath. | I got up early. |
| S: | An raibh tú ag obair? | Were you working? |
| N: | Bhí. Agus níor ith mé an lón. | Yes. And I didn't eat lunch. |
| S: | Tá brón orm. | I'm sorry. |

| | **Comhrá 2** | **Conversation 2** |
|---|---|---|
| T: | Dia duit, a Chaitlín! | Hi, Kate! |
| C: | Dia is Muire duit, a Thaidhg. | Hi, Tim! |
| T: | Cá ndeachaigh tú ar an deireadh seachtaine? | Where did you go on the weekend? |
| C: | Chuaigh mé go dtí an trá. | I went to the beach. |
| T: | Cad a rinne tú ansin? | What did you do there? |
| C: | Chuaigh mé ag snámh agus d'ith mé uachtar reoite. | I went swimming and I ate some ice cream. |
| T: | Iontach! Bhí mise ag obair. | Wonderful! I was working. |
| C: | An raibh tú ag obair ar an deireadh seachtaine? | Were you working on the weekend? |
| T: | Bhí. Ach d'ith mé an dinnéar i mbialann ghalánta aréir. | Yes. But I ate at an elegant restaurant last night. |
| C: | Bhí sin go deas, is dócha. | That was nice, I suppose. |

| **Dán (le Keith Ó Draighneáin)** | **Poem (by Keith Drennan)** |
|---|---|
| **Mo Bhreithlá** | **My Birthday** |
| Tháinig mo chairde ar mo bhreithlá, | My friends came on my birthday, |
| Is thug siad bronntanais dom. | And they gave me gifts. |
| Bhí mé ag damhsa timpeall le háthas, | I was dancing around with happiness, |
| Mar bhí siad in éineacht liom. | Because they were together with me. |
| | |
| Cheannaigh mo Mhamaí cáca seacláide, | My Mommy bought a chocolate cake, |
| Is chuir sí coinnle air, | And she put candles on it. |
| Mhúch mé na coinnle is thosaigh mo chairde | I put out the candles and my friends began |
| Ag canadh "Breithlá sona duit" le chéile. | Singing "Happy birthday to you" together |
| | |
| Anois tá gach duine imithe abhaile, | Now everybody has gone home, |
| Is tá mé a naoi mbliana d'aois. | And I am nine years old. |
| Ó is maith liom nuair a thagann mo bhreithlá, | Oh, I like it when my birthday comes. |
| Is beidh sé ann arís. | And it will be again. |

# Cad a rinne tú inniu?
# What did you do today?



1



| **a haon** | **number one** |
|---|---|
| bricfeasta Éireannach | Irish breakfast |
| ispín / ispíní | sausage(s) |
| putóg dhubh | black pudding |
| putóg bhán | white pudding |
| ubh / uibheacha | egg(s) |
| tráta / trátaí | tomato(s) |
| arán sóide | soda bread |
| arán donn | brown bread |
| subh | jam |
| im | butter |

Ar ith tú bricfeasta Éireannach?
Did you eat an Irish breakfast?
An maith leat putóg dhubh?
Do you like black pudding?
Cad a itheann tú don bhricfeasta?
Is the dog happy?
Cad a ólann tú ag an mbricfeasta?
What do you drink at breakfast?
Ar ith tú an bricfeasta ag bialann?
Do you eat breakfast in a restaurant?

2



| **a dó** | **number two** |
|---|---|
| spórt | sports |
| sacar | soccer |
| peil | Gaelic football |
| iománaíocht | hurling |
| camóige | camogie |
| cispheil | basketball |
| leadóg | tennis |
| leadóg bhoird | table tennis |
| snámh | swimming |
| rith | running |
| seomra aclaíochta | gym |
| teilifís | television |

An maith leat spórt?
Do you like sports?
Ar imir tú aon spórt riamh?
Did you ever play a sport?
Ar bhreathnaigh tú ar spórt éigin ar an teilifís?
Did you watch a sport on TV?
An bhfaca tú iománaíocht riamh?
Did you ever see hurling?
Cén spórt is fearr leat?
What’s your favorite sport?